

# Coláiste Ailigh

Cnoc na Móna  
Leitir Ceanainn  
Tír Chonáill

Uimhir Rolla 7608IF

## Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile

**Tréimhse na Tuairisce:** *Lúnasa 2018 – Bealtaine 2019*

**Dáta eisiúna na tuairisce:** 31 Bealtaine 2019

*An English Language summary is provided at the end of this document*

# **Tuairisc Féinmheastóireachta Scoile**

## **1. Réamhrá**

### **1.1 Fócas na meastóireachta**

Rinneadh féinmheastóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim i gColáiste Ailigh le linn na tréimhse Lúnasa 2018 go Bealtaine 2019. Chuir foireann na scoile Plean Feabhsúcháin Scoile (PFS) i bhfeidhm le béim ar leith ar Litearthacht na Gaeilge, ar an Litearthacht Bhéil, ar an Uimheartacht agus ar ghnéithe eile den teagasc agus den fhoghlaim. Rinneadh meastóireacht agus athbhreithniú ar an PFS i Mí Márt 2019. Thíos tá tuairisc ar thátail na meastóireachta sin.

Sa bhliain 2017 cuireadh mórsuirbhé ar thuismitheoirí, múinteoirí, daltaí agus bainistíocht na scoile maidir le teagasc, foghlaim, bainistíocht agus gnéithe eile d'fheidhmiú na scoile. Rinne cigirí na Roinne Oideachais agus Scileanna Meastóireacht Scoile Uile i Márt 2017. Bunaithe ar an eolas a bailíodh agus ar shuirbhé breise a cuireadh ar mhúinteoirí, socraíodh ar Phleananna Feabhsúcháin Scoile do 2017-2018 agus 2018-2019. Tháinig foireann na scoile le chéile i ngrúpaí fócais ag túis 2019 le moltaí nár tugadh fúthu go fóill a aithint. Amach as seo, shocraigh an scoil ar na réimse seo a leanas a bheith mar fhócas don fhéinmheastóireacht scoile don scoilbhliain 2019-2020: **Litearthacht na Foghlama, Scileanna TFC agus Na Gnáthbheartais a tugadh fúthu le cúpla bliain anuas mar chuid den Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimheartachta (2012-2020)**. Tá tuairisc ar thátail na meastóireachta sin thíos.

### **1.2 Comhthéacs na scoile**

Is gaelcholáiste pobail measacha í Coláiste Ailigh. Bunaíodh an scoil sa bhliain 2000 le freastal ar scoláirí i mbaile Leitir Ceanainn agus sa cheantar máguaird ar mhaith leo a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge. Tá 258 scoláire ag freastal ar an scoil faoi láthair. Thosaigh 41 sa Chéad Bhliain i Meán Fómhair 2018 agus astu sin, tháinig 38 ón ghaelscoil áitiúil nó ó bhunscoileanna Gaeltachta. Rinne 3 dhalta freastal ar bhunscoileanna ina ndearnadh an teagasc trí Bhéarla.

Is í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide agus oibre na scoile. Cuirtear an-bhéim ar an Ghaeilge mar theanga chaidrimh na foirne, na scoláirí agus pobal na scoile. Múintear gach ábhar trí mheán na Gaeilge (seachas na teangacha iasachta) agus úsáidtear an Ghaeilge ag gach ócайд scoile taobh istigh agus taobh amuigh den scoil. Ní gaeilgeoir gach tuismitheoir agus ar an ábhar sin déantar cuid d'obair na scoile (cruinnithe tuismitheoirí, mar shampla) trí mheán an Bhéarla nuair is gá.

Leanann gach scoláire cursa trí bliana sa tSraith Shóisearach agus dhá bhliain sa tSraith Shinsearach (Gairmchlár na hArdteistiméireachta san áireamh). Bíonn rogha ag scoláirí an Idirbhliain a dhéanamh. Roghnaíonn tromlach na ndaltaí cursa na hIdirbhliana a dhéanamh.

### **1.3 Bailiú na Fianaise**


Socraíodh sa bhliain 2017 go ndéanfaí mórsuirbhé ar pháirtithe an oideachais i gColáiste Ailigh agus go mbainfí úsáid as an eolas a bhaileofaí fá choinne féinmheastóireacht scoile don trí bhliain ina dhiaidh sin: 2017-2018; 2018-2019; 2019-2020. Tabharfar faoi mhórsuirbhé eile sa bhliain 2020.

Sa bhliain 2017, agus é ag obair i dteannta leis an phríomhoide agus le bainistíocht shinsearach na scoile agus bunaithe ar an doiciméad *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 – Creat Cáilíochta d’Iar-bhunscoileanna*, a d’eisigh an Chigireacht, dhear an múinteoir a bhfuil cúram na féinmheastóireachta air ceithre cheistneoir le cur ar pháirtithe éagsúla na scoile.

- D'oibrigh **múinteoirí na scoile** i bhfócasghrúpaí agus phléigh siad ceistneoir a bhain le teagasc agus foghlaim na ndaltaí sa scoil. Bailíodh tuairimí ó na fócasghrúpaí sin.
- Cuireadh ceistneoir ar na **daltaí** le heolas a bhailiú faoin dearcadh atá acu féin ar fhoghlaime agus teagasc agus gnéithe eile a bhaineann leis an saol s'acu ar scoil.
- Cuireadh ceistneoir ar **thuismitheoirí na scoile** le heolas a bhailiú faoin dearcadh a bhí acu féin ar fhoghlaime agus teagasc sa scoil, ar bainistiú na scoile agus ar ghnéithe eile a bhain le hobair na scoile.
- Cuireadh ceistneoir ar **bhainistíocht na scoile** (Bord Bainistíochta, PO/POT agus na postshealbhóirí) chun tuairimí s'acu a fháil.
- Rinneadh anailís ar an tuairisc a fuarthas i ndiaidh don chigireacht Meastóireacht Scoile Uile a dhéanamh sa scoil in Earrach 2017.
- Cuireadh scrúdú litearthachta agus uimhearthachta ar na daltaí sa Chéad Bhliain.
- Rinneadh anailís ar thorthaí na scoláirí sna scrúduithe stáit.
- Bailíodh eolas ó na múinteoirí i dtaobh chur i bhfeidhm PFS 2018-2019.

## 2. Na tátail

*Seo a leanas cálíocht an chleachtais maidir leis na trí fhothéamaí meastóireachta:*



- A. Ar an iomlán gnóthaíonn scoláirí Choláiste Ailigh marcanna atá os cionn an mheáin naisiúnta i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta.
- B. Aontaíonn **88.3%** de na tuismitheoirí go bhfuil dul chun cinn maith déanta ag a bpáistí ina gcuid foghlama sa scoil.
- C. Thug **89%** de na daltaí le fios gur mhaith leo cruthú go maith sna scrúduithe, **77%** go bhfuil sé furasta a bheith ag foghlaim i gColáiste Ailigh agus **74%** go nglacann siad freagracht as a bhfoghlaim féin.
- D. Bhí ardú leanúnach i scileanna litearthachta na scoláirí ó tosaíodh ar iad a mheas sa bhliain 2013, mar chuid den Straitéis Náisiúnta (2012-2020) i dtaobh na litearthachta agus na huimhearthachta (Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol).
- E. Bíonn ionchais arda ag múinteoirí, ach aithníonn siad go bhfuil gá le hobair a dhéanamh maidir le scileanna staidéir agus foghlaim neamhspleách a chothú agus chun straitéisí difréala a fhorbairt.
- F. D'aithin Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna go bhfuil ionchais arda ag na múinteoirí i leith na scoláirí, go léiríonn an chuid is mó de na scoláirí dearcadh fiosrach, tuisint mhaith ar ábhar na gceachtanna agus cleachtadh maith ar na scileanna a bhí á bhforbairt. Tá siad spreagtha chun foghlama agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlameoirí. Mar sin féin, dúradh go raibh scóip chun feabhas maidir le hobair ghrúpa, measúnú chun foghlama agus difréail.

**Eispéireas Foghlama**

Timpeallacht foghlama  
Rannpháirtiocht  
Ag foghlaim conas  
foghlaim

Gníomhach  
Comhoibritioch  
Dúshlánach  
Inspreagadh

- A. D'aithin na tuismitheoirí agus na daltaí go bhfuil timpeallacht chairdiúil sa scoil agus go bhfuil áiseanna den chéad scoth ag an scoil. Taitníonn na ranganna beaga leo agus an caidreamh pearsanta a bhíonn idir múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí. D'aithin múinteoirí gur féidir leas níos éifeachtaí a bhaint as Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) sa scoil.
- B. Thug na múinteoirí le fios go nglacann na daltaí páirt ghníomhach san fhoghlaim agus go bhfuil siad bródúil as a gcuid oibre. Bíonn na daltaí ag dréim le bogadh ar aghaidh chuig an oideachas tríú leibhéal agus go bhfuil caidreamh maith idir na múinteoirí agus na daltaí. D'aithin na múinteoirí áfach, go bhfuil gá tuilleadh tacaíochta a thabhairt do scoláirí maidir le foghlaim go neamhspleách agus próisis eile foghlama.
- C. D'aithin cigirí na Roinne Oideachais agus Scileanna go bhfuil timpeallacht na foghlama sna seomraí ranga, ar phasáistí agus ar bhallaí na scoile an-spreagthach agus curtha i láthair go han-mhaith. Tá saothar na ndaltaí ar taispeáint agus cuirtear béis ar shaintearmaíocht a bhaineann leis na hábhair éagsúla ar na ballaí. Cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta i dtaobh na litearthachta agus na huimhearthachta, mheas na múinteoirí gurbh fhéidir seo a leathnú amach tuilleadh i dtimpeallacht ghinearálta na scoile agus timpeallacht foghlama ábhar ar leith a fheabhsú.

BHÍ ‘TIMPEALLAHT FOGHLAMA’ MAR SPRIOC FEABHAIS I bPEALN FEABHSÚCHÁIN SCOILE 2018-2019.

**Cleachtas múinteoirí**

Ullmhúchán don teagasc  
Cur chuige teagaisc  
Bainistíocht páistí  
Measúnacht

Le cuspóir  
Luas  
Cuir chuige  
Difréail  
Measúnú

- A. Ar an iomlán, léirigh na tuismitheoirí agus na daltaí dearcadh dearfach ar obair na múinteoirí. Léiríodh cúpla miondeacracht a bhain le cleachtas múinteoirí agus leis an chóras iompraíochta.
- B. Dúirt na múinteoirí go raibh meas acu ar na daltaí agus go mbíonn siad ag dréim le caighdeán ard uathu. Mhaígh siad go raibh scileanna maithe cumarsáide agus múinteoreachta ag an fhoireann agus go ndéanann na múinteoirí ullmhúchán maith dá gcuid gceachtanna, nótaí ranga agus acmhainní Gaeilge san áireamh. D'aithin siad áfach, go bhfuil gá le níos mó oibre a dhéanamh ar dhifréail, critéir ratha, intinní foghlama agus ceisteoireacht éifeachtach. Tá éiteas an chomhoibrithe go láidir i measc na múinteoirí ach tá scóip fá choinne tógail air.

- C. Thug bainistíocht na scoile le fios go bhfuil comhoibriú éifeachtach idir an Bord Bainistíochta agus an príomhoide maidir le bainistíocht ar an fhoghlaim agus teagasc sa scoil.
- D. Thug cigirí na Roinne Oideachais agus Scileanna le fios go bhfuil caighdeán na múinteoirreachta idir maith agus an-mhaith sa scoil, go mbíonn réamhullmhúchán maith déanta ag múinteoirí, go gcuireann siad acmhainní maithe ar fáil agus go mbaineann siad úsáid éifeachtach as TFC. Dúradh go bhfuil ardchaighdeán Gaeilge in úsáid ag múinteoirí sa chuid is mó de na ranganna. Mhol siad straitéisí teagaisc a bhí in úsáid ag múinteoirí agus moladh don scoil úsáid bhreise a bhaint as na straitéisí seo, go háirithe piarmheasúnú, obair ghrúpa eagraithe, difréáil agus measúnú chun foghlama.
- E. D'aithin cuid de na múinteoirí go bhfuil laigí áirithe ina gcuid Gaeilge féin agus go gcuireann sin isteach ar theagasc éifeachtach ó am go ham.
- F. Rinneadh dul chun cinn maith maidir le straitéisí difréála a bheith in úsáid sna ranganna sa scoilbhliain 2017-2018.

BHÍ “GAEILGE NA MÚINTEOIRÍ” AGUS ‘ÚSÁID ÉIFEACHTACH TFC’ MAR SPRIOCANNA FEABHAIS I bPELEAN FEABHSÚCHÁIN SCOILE 2018-2019 AGUS BHÍ ‘CEISTEOIREACHT ÉIFEACHTACH’ MAR SPRIOC I bPELEAN FEABHSÚCHÁIN SCOILE 2017-2018.

### **3. Dul chun cinn a rinneadh ar spriocanna feabhsúcháin a aithníodh roimhe seo**

Chuir an scoil DEICH sprioc roimpi féin i bPlean Feabhsúcháin Scoile 2018-2019:

- A. Aontaíodh go n-ardófaí an meánmharc reatha sa scrúdú litearthachta ó 62.1% go **62.5%** don scoilbhliain 2018-2010. Tháinig ardú de 3.2% ar an mheánmharc, seasann sé anois ag **65.3%**. **D'éirigh leis an scoil an sprioc seo a bhaint amach.**
- B. Aontaíodh go n-ardófaí an marc don Aimsir Fháistineach sa scrúdú liteartha. Thit an marc seo 2.9% agus seasann sé ag 44.5%, áit a raibh sé ag 74.1% in 2014. **Níor éirigh leis an scoil an sprioc seo a bhaint amach.**
- C. Aontaíodh go mbainfeadh gach múinteoir úsáid as an leabhar téarmaíochta nó modh eile dá gcuid féin leis na ranganna sóisearacha, le béim a chur ar chruinnúsáid téarmaí. Tugann **50%** de na múinteoirí téarmaíochta do na daltaí agus mínlíonn siad ceartúsáid na dtéarmaí sin, tá **31%** eile a thugann téarmaíochta ach gan aon mhíniú ar chruinnúsáid. Tá **19%** de mhúinteoirí an Teastais Shóisearaigh nach dtugann téarmaíochta dá ndaltaí. **Níor éirigh leis an scoil an sprioc seo a bhaint amach.**
- D. Aontaíodh go n-ardófaí an céatadán de na múinteoirí a chuireann béis rialta ar an téarma ‘iolrú’ go 100%. Tá **13.6%** de na múinteoirí nár chuir béis rialta ar an téarma ‘iolrú’. **Níor éirigh leis an scoil an sprioc seo a bhaint amach.**
- E. Aontaíodh go n-ardófaí céatadán na múinteoirí a thugann ar a gcuid daltaí a gcuid céatadán féin a oibriú amach go 100%. Cé go bhfuil 51.9% a thugann ar a gcuid daltaí céatadán a oibriú amach dóibh féin agus 36.4% a dhéanann amhlaidh anois agus arís. Tá 4.5% de na múinteoirí nach ndéanann ar chor ar bith é. **Níor éirigh leis an scoil an sprioc seo a bhaint amach.**
- F. Aontaíodh ar líon na múinteoirí a chuireann scrúdú ó bhéal ar a gcuid daltaí roimh an Nollaig agus a bhaineann úsáid as an mharc sin do scrúdú na Nollag a ardú. Tháinig ardú **7.2%** ar líon na múinteoirí a dúirt gur chuir siad scrúdú ó bhéal ar a gcuid ranganna Teastas Sóisearach uilig roimh an Nollaig. Dúirt **38.9%** gur chuir siad scrúdú ó bhéal ar chuid dá ranganna.

Tháinig laghdú **3.3%** ar líon na múinteoirí a dúirt nár chuir siad scrúdú ar aon chuid dá ranganna. Tá scóip chun feabhas ann go fóill ach mar sin féin, **d'éirigh leis an scoil an sprioc seo a bhaint amach.**

- G. Aontaíodh ar líon na múinteoirí a deir go bhfuil deacraschtaí áirithe acu lena gcuid Gaeilge scríofa a laghdú fá 5% ar a laghad, ó 38.9% go 33.9%. Tháinig **ardú 2%** ar líon na múinteoirí a dúirt go bhfuil deacraschtaí áirithe acu le scríobh na Gaeilge (40.9%). Bhí freagraí ó 22 mhúinteoir i mbliana i gcomparáid le 17 anuraidh agus b'fhéidir go míníonn sin an t-ardú. **Níor éirigh leis an scoil an sprioc seo a bhaint amach.**
- H. Aontaíodh ar líon na múinteoirí a thugann le fios go n-úsáideann siad an Ghaeilge le múinteoirí eile (go rialta nó i gcónai) a ardú fá 5% ar a laghad, ó 82.5% go 87.5%. Trí dheardmad, níor bailíodh eolas ó na múinteoirí faoina gcleachtas labhartha Gaeilge le múinteoirí eile. Mar sin, féin deir 59.1% de na múinteoirí go bhfuil feabhas tagtha ar labhairt na Gaeilge idir múinteoirí. **Mar sin, cé nach féidir linn a rá go cinnte ar éirigh linn an sprioc seo a bhaint amach, is féidir a rá go bhfuil feabhas le feiceáil ach go bhfuil scóip ann fá choinne tuilleadh feabhas.**
- I. Aontaíodh go gcuirfí le timpeallacht foghlama gach ábhar. Thug **31.8%** de na múinteoirí le fios nár shocraigh a Ranna Ábhair beartais leis an ábhar s'acu a dhéanamh níos feiceálaí sa scoil. Mar sin féin, thug **52.4%** le fios go bhfuil timpeallacht foghlama níos fearr sa scoil ná mar a bhí. Is tromlach an-bheag é seo ach is féidir linn a rá **gur éirigh linn an sprioc a bhaint amach ach go bhfuil scóip chun feabhas ann.**
- J. Aontaíodh go gcuirfí múinteoirí ar an eolas faoi dhóigheanna éifeachtacha le TFC a úsáid. Bunaíodh coiste teicneolaíochta, eagraíodh ceardlann agus thug **63.6%** de na múinteoirí le fios go bhfuil siad níos muiníní sa TFC ná mar a bhí. **D'éirigh linn an sprioc seo a bhaint amach.**

#### 4. Achoimre ar tháitil na féinmheastóireachta scoile

##### 4.1 Tá láidreachtaí ag ár scoil sna hachair seo a leanas:

- Tá scileanna litearthachta na ndaltaí ag feabhsú bliain i ndiaidh bliana.
- Tá feabhas le feiceáil sa chuid is mó de na scileanna uimheartachta.
- Tá mórchuid na múinteoirí ag cur beartas i bhfeidhm chun cur leis an litearthacht bhéil.
- Tá timpeallacht foghlama na scoile ag dul i bhfeabhas.
- Motháíonn tromlach na múinteoirí go bhfuil feabhas ag teacht ar a gcuid scileanna TFC.
- Tá foireann na scoile oscailte do straitéisí nua.

##### 4.2 Tá na hachair seo a leanas ina dtosaíochtaí feabhsúcháin

- Tá **19%** de na múinteoirí nach dtugann téarmaíocht dá ndaltaí, **31%** eile nach míníonn cruinnúsáid na dtéarmaí do na daltaí. Tá scóip chun feabhas anseo.
- In ainneoin é a bheith mar sprioc le cúpla bliain anuas, tá ísliú leanúnach le feiceáil i scileanna na ndaltaí maidir le céatadáin.
- Ní úsáideann gach múinteoir an 5 théarma aontaithe don Mhatamatic le béim ar an difear idir ‘iolrú’ agus ‘méadú’.
- Tá scóip chun feabhas i líon na múinteoirí a chuireann scrúdú ó bhéal ar dhaltaí na Chéad agus na Dara Blíana roimh an Nollaig.
- Tá gá le tuilleadh oibre chun feabhas a chur ar úsáid na Gaeilge sa scoil.
- Níl gach múinteoir ag baint úsáid as na téarmaí céanna (téarmaíocht na foghlama).
- Tá gá le cur chuige comhoibríoch i measc na fairne.

**4.3** Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais reachtúla agus rialachais seo a leanas:

- Tuismitheoirí mar chomhpháirtithe.

## Plean Feabhsúcháin Scoile Choláiste Ailigh

Tá Coláiste Ailigh ag feidhmiú go maith ach aithnímid go bhfuil roinnt réimsí ar ar féidir linne mar fhoireann feabhas a chur ar ghníomhú éifeachtach na scoile.

### Spriocanna Feabhsúcháin 2019-2020:

- Líon na múinteoirí a thugann agus a mhíníonn cruinnúsáid téarmaí a ardú ó 50% go 70%.
- Líon na múinteoirí a bhaineann úsáid as an 3 théarma aontaithe san Aimsir Fháistineach a bheidh socrathe ag a Roinn a ardú ó 63% go 80%.
- 90% de na múinteoirí a bheith ag scríobh an dáta ar an chlár bhán gach maidin.
- An céadán de na múinteoirí a chuireann béim rialta ar an téarma ‘iolrú’ a ardú go 100%.
- An céadán de na múinteoirí a thugann ar a gcuid daltaí a gcuid céadán féin a obriú amach a ardú ó 59.1% go 70%.
- Feasacht na ndaltaí maidir leis an úsáid a bhaineann siad as mata in ábhair eile a ardú.
- Líon an múinteoirí a úsáideann measúnú ó bheal ag scrúdú na Nollag dá gcuid ranganna ar fad sa Chéad agus sa Dara Bliaín a ardú go 60%.
- An Teimpléad Measúnaithe do na scrúduithe ó bhéal a bheith in úsáid ag 60% de na múinteoirí.
- Teanga aontaithe foghlama a bheith ag, agus in úsáid ag an fhoireann.
- Go ndéanfaí múinteoir aonair/roinn múinteoirí cur i láthair deonach ag cruinnithe Pháirc an Chrócaigh ar an TFC nó ar straitéisí foghlama, agus go dtarlódh seo ar a laghad 4 huaire i rith na bliana.

### Gníomhaíochtaí a chuirfear i bhfeidhm:

#### GNÍOMH 1

<b>Gníomh</b>	Leanfaidh an scoil ar aghaidh leis na beartais a bhí socrathe i bPlean Feabhsúcháin Scoile, 2018-2019 don litearthacht [téarmaíocht, polasaí litearthachta, síniú na scrúduithe etc].
<b>Freagrach</b>	Gach múinteoir
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2019 – Bealtaine 2020
<b>Critéir Rathú</b>	Beidh feabhas i marcanna na scoláirí sa scrúdú litearthachta, ina gcuid obair scríofa agus ina litriú.

## GNÍOMH 2

<b>Gníomh</b>	Eagrófar cruinnithe roinne ag túis agus i lár na scoilbhliana (Meán Fómhair agus Eanáir) agus socrófar beartais chun an ghnáth-théarmaíocht agus an 3 théarma san Aimsir Fháistineach a aontóidh an Roinn a spreagadh agus a chur chun cinn.
<b>Freagrach</b>	Cinn Roinne agus gach múinteoir
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2019 & Eanáir 2020
<b>Critéir Ratha</b>	Beidh 70% de na múinteoirí ag tabhaint agus ag míniú cruinnúsáid na dtéarmaí ina n-ábhair agus beidh 80% de na múinteoirí ag úsáid na dtéarmaí aontaithe san Aimsir Fháistineach lena gcuid ranganna.

## GNÍOMH 3

<b>Gníomh</b>	Leanfaidh an scoil ar aghaidh leis na beartais a bhí socraithe i bPlean Feabhsúcháin Scoile, 2017-2018 don uimheartacht [5 théarma aontaithe, béim ar ‘iolrú’, daltaí ag oibriú amach a gcuid céatadán féin etc], ach <b>chomh maith leis sin</b> cuirfear marcóir buan ar fáil do mhúinteoirí ar mhaith leo áit bhuan don dáta a scríobh ar a gcláir bhána.
<b>Freagrach</b>	Gach múinteoir. Cuirfidh an PO/POT marcóir buan ar fáil
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2018 – Bealtaine 2019
<b>Critéir Ratha</b>	Beidh 100% de na múinteoirí ag cur béim ar an fhocal ‘iolrú’, beidh 70% de na múinteoirí ag tabhaint ar dhaltaí a gcuid céatadán a oibriú amach agus beidh 90% de na múinteoirí ag scríobh an dáta ar an chlár bhán gach lá.

## GNÍOMH 4

<b>Gníomh</b>	Eagrófar Seachtain na Matamaitice agus eagróidh gach múinteoir ceacht amháin uimheartachta ina ábhar féin i rith na seachtaire
<b>Freagrach</b>	Roinn Matamaitice, coiste uimheartachta, PO/POT agus gach múinteoir
<b>Fráma Ama</b>	Roimh Nollaig 2020
<b>Critéir Ratha</b>	Tiocfaidh ardú ar líon na ndaltaí atá ábalta a fheiceáil go n-úsáideann siad an Mhatamaitic in ábhair eile.

## GNÍOMH 5

<b>Gníomh</b>	Cuirfear teimpléad de leathanach clúdaigh ar fáil do gach múinteoir le húsáid ag scrúduithe na Nollag agus a thaispeánpaidh go soiléir don dalta an marc a ghnóthaigh sé don obair ó bhéal. Úsáidfidh gach múinteoir an teimpléad seo agus é ag cur a pháipéar scrúduithe le chéile
<b>Freagrach</b>	Coiste Labharthachta
<b>Fráma Ama</b>	Samhain 2019
<b>Critéir Ratha</b>	Gheobhaidh 60%+ de na daltaí sa Chéad agus sa Dara Bliaín tuairisc ar na marcanna a ghnóthaigh siad don obair ó bhéal ag scrúdú na Nollag.

## GNÍOMH 6

<b>Gníomh</b>	Déanfar fógra ar VS Ware agus sa tseomra fairne faoin scrúdú ó bhéal a chuirfear ar gach dalta sa Chéad Bliain agus sa Dara Bliain.
<b>Freagrach</b>	Coiste Labharthachta
<b>Fráma Ama</b>	Samhain 2019
<b>Critéir Ratha</b>	Tabharfaidh 60%+ de na múinteoirí scrúdú ó bhéal dá gcuid ranganna sa Chéad agus sa Dara Bliain mar chuid de scrúdú na Nollag.

## GNÍOMH 7

<b>Gníomh</b>	Cuirfear liosta téarmaíochta le chéile a bhaineann leis an fhoghlaim agus leis an fhéinmheastóireacht agus bainfidh gach múinteoir úsáid as lena chuid ranganna.
<b>Freagrach</b>	Coiste (Úna, Siobhán L, Rosa, Shane, Maria Uí R) agus gach múinteoir
<b>Fráma Ama</b>	Liosta curtha le chéile roimh dheireadh mhí Mheán Fómhair, gach múinteoir ag baint úsáid as idir sin agus deireadh na bliana.
<b>Critéir Ratha</b>	Tabharfaidh 50%+ de na múinteoirí le fios go bhfuil an téarmaíocht aontaithe in úsáid acu lena gcuid ranganna.

## GNÍOMH 8

<b>Gníomh</b>	Cuirfear am ar fáil ag cruinnithe Phairc an Chrócaigh do mhúinteoirí aonair/ranna múinteoirí le cur i láthair a dhéanamh don fhoireanna ar straitéisí a bhaineann leis an TFC nó leis an fhoghlaim. Déanfar seo ar a laghad 4 huaire sa bliaín.
<b>Freagrach</b>	PO/POT (clár ama a shocrú), gach múinteoir/roinn ábhar.
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair - Aibreán 2020
<b>Critéir Ratha</b>	Tiocfaidh feabhas ar scileanna TFC na múinteoirí, gheobhaidh siad eolas ar straitéisí nua foghlama agus curfear leis an chomhoibriú sa scoil.

### Dátaí athbhreithnithe

Cuirfear ceistneoir/seicliosta chuig gach múinteoir i mí Feabhra/Márta 2019 chun tuairimí agus aiseolas a fháil agus chun cuidiú le hathbhreithniú.

Déanfar mórsuirbhé ar pháirtithe na scoile, tuismitheoirí, daltaí, múinteoirí agus bainistíocht lena dtuairimí a fháil in Eanáir 2020.

Déanfar athbhreithniú iomlán ar an phlean seo in Aibreán 2020.

# Aguisín 1

## Seicliosta Reachtaíochta agus Rialála

Saincheist	Reachtaíocht, rial nó imlitir chuí	An bhfuil an scoil ag comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta, rialach nó imlitreach cuí?	Mura bhfuil, luaigh nithe is gá a fhorbairt		
		2016-17	2017-18	2018-19	
Clárú bailí scoláirí	M51/93	Tá	Tá	Tá	
Am sa scoil  - Fad na scoilbhliana (íosmhéid 167 lá do gach bliainghráupa)  - Fad na scoilseachtaine (íosmhéid 28 uair an chloig do gach bliainghráupa)	Imlitir M29/95	Tá  Tá	Tá  Tá	Tá  Tá	
Caighdeánú na scoilbhliana	Ciorclán 034/2011	Tá	Tá	Tá	
Socruithe do chruinnithe idir múinteoirí agus tuismitheoirí agus cruinnithe foirne	Imlitir M58/04	Tá	Tá	Tá	
Straitéis Náisiúnta Litearthachta a chur i bhfeidhm	Ciorclán 25/12	Tá	Tá	Tá	
Comhaontú Pháirc an Chrócaigh i dtaca le ceanglas an ama bhrefise a chur i ngníomh	Ciorclán 025/2011	Tá	Tá	Tá	
Plean Scoile a chur le chéile	Alt 21 den Acht Oideachais 1998	Tá	Tá	Tá	
Soláthar treorach i scoileanna dara leibhéal	Imlitir PPT12/05, An tAcht Oideachais 1998 (alt 9(c))	Tá	Tá	Tá	
Plean treorach na scoile uile	Alt 21 den Acht Oideachais 1998	Tá	Tá	Tá	
OSSP a sheachadadh ar gach rang sa tsraith shóisearach	Imlitir M12/01 Imlitir M13/05	Tá	Tá	Tá	
Díolúine ar staidéar ar an nGaeilge	Imlitir M1 0/94	N/B	N/B	N/B	Ní bhaineann le hábhar
Struchtúir athbhreithnithe bainistíochta inscoile a chur i ngníomh	Imlitir M29/02, Imlitir 21/98, Imlitir 30/97, Imlitir 29/97	Tá	Tá	Tá	
Maolú srianta ar phoist freagrachta a lionadh don scoilbhliain 2011/12	Ciorclán 53/11	N/B	N/B	N/B	Ní bhaineann le hábhar
Comhaontú seirbhísé poiblí (Páirc an Chrócaigh) - cúntóirí riachtanas speisialta	Ciorclán 71/11	Tá	Tá	Tá	
Tuismitheoirí ina gcomhpháirtithe san oideachas	Imlitir M27/91	Tá	Tá	Tá	

Saincheist	Reachtaíocht, rial nó imlitir chuí	An bhfuil an scoil ag comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta, rialach nó imlitreach cuí?			Mura bhfuil, luagh nithe is gá a forbairt
		2015-16	2016-17	2017-18	
Nósanna imeachta cosanta leanaí a chur i ngníomh	<p>Imlitir 65/11</p> <p>Eolas i dtaca le cosaint leanaí</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na gcásanna ar chuir an Teagmhálaí Ainmnithe (TA) tuairisc i dtaca le leanbh sa scoil faoi bhráid an HSE</li> <li>Líon na gcásanna ar chuir an TA tuairisc i dtaca le leanbh sa scoil faoi bhráid an HSE agus gur cuireadh an bord bainistíochta ar an eolas faoi</li> <li>Líon na gcásanna ar lorg an TA comhairle ón HSE agus nach ndearnadh aon tuairisc de bhun na comhairle sin</li> <li>Líon na gcásanna ar lorg an TA comhairle ón HSE agus nach ndearnadh aon tuairisc de bhun na comhairle sin agus gur cuireadh an bord bainistíochta ar an eolas faoi</li> </ul>	Tá 0 0 0	Tá 0 1 1	Tá 0 0 1 1	
Nósannaimeachta chun gearán a dhéanamh a chur i bhfeidhm mar is cuí	<p>Alt 28 den Acht Oideachais 1998</p> <p>Eolas i dtaca le gearán a rinne tuismitheoirí i rith na scoilbhliana.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na ngearán oifigiúil a rinne tuismitheoirí</li> <li>Líon na ngearán oifigiúil a próiseáladh</li> <li>Líon na ngearán oifigiúil nár próiseáladh ina n-iomláine faoi dheireadh na scoilbhliana seo</li> </ul>				
Diúltú do chlárú	<p>Alt 29 den Acht Oideachais 1998</p> <p>Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29</li> <li>Líon na gcásanna a próiséaladh ag céim neamhfhoirmiúil</li> <li>Líon na gcásanna a éistíodh</li> <li>Líon na n-achomharc a ceadaíodh</li> <li>Líon na n-achomharc ar diúltáiodh dóibh</li> </ul>	1 0 1 0 0	2 1 1 0 0	2 0 2 0 0	

Scoláirí a chur ar fionraí	Alt 29 den Acht Oideachais 1998  Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo.  • Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29 • Líon na gcásanna a próiséaladh ag céim neamhfhoirmiúil • Líon na gcásanna a éistíodh • Líon na n-achomharc a ceadaíodh • Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh	1 0 1 0 1	0 0 0 0 0	0 0 0 0 0	
Scoláirí a dhíbirt ón scoil	Alt 29 den Acht Oideachais 1998  Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo  • Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29 • Líon na gcásanna a próiséaladh ag céim neamhfhoirmiúil • Líon na gcásanna a éistíodh • Líon na n-achomharc a ceadaíodh • Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh	0 0 0 0 0	0 0 0 0 0	0 0 0 0 0	

## Aguisín 2

### Seicliosta Polasaithe

Polasaí	Foinse	An bhfuil an polasaí ceadaithe ag an Bhord Bhainistíochta?	Muna bhfuil, cad iad na gnéithe atá le forbairt?
Polasaí rollaithe	Alt 15 (2) (d) An tAcht Oideachais, 1998	Tá	
Cód iompair, polasaí frithbhulaíochta san áireamh.	Imlitir 20/90 Treoirlínte na Roinne Oideachais ar lompar Bulaíochta a chosc, 1993 Treoirlínte BNLO Alt 23, An tAcht Leasa Oideachais 2000	Tá	
Straitéis tinrimh agus Rannpháirtíochta.	Alt 22, An tAcht Oideachais (Leas) 2000	Tá	

	<i>Achtanna um Stádas Comhionann 2000 - 2011</i>		
Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta	<i>Alt 20, An tAcht Sláinte agus Sábháilteachta, 2005</i>	Tá	
Cosaint Sonrai	<i>An tAcht um Chosaint Sonrai, 1988</i> <i>An tAcht um Chosaint Sonrai (Acht Leasaithe), 2003</i>	Tá	
Polasaí maidir le riachtanais speisialta oideachais.	<i>An tAcht Oideachais, 1998</i> <i>Achtanna um Stádas Comhionann (2000 – 2011)</i> <i>An tAcht Oideachais (Leas), 2000</i> <i>An tAcht um Oideachas do dhaoine le riachtanais speisialta oideachais (EPSEN), 2004</i> <i>An tAcht Míchumais, 2005</i>	Tá	
Polasaí don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta	<i>Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta: Treoirlínte Polasaí (1997)</i>	Tá	
Polasaí maidir le cosaint leanáí	<i>Imlitir 0065/2011</i>	Tá	
Tuismitheoirí mar chomhpháirtithe	<i>Imlitir 24/91</i>	Níl	Ag tarlú ach níl aon pholasaí scríofa ann.
Comhaontú na seirbhise poiblí (Páirc an Chrócaigh) – cíntóirí riachtanais speisialta.		Níl	Ag cloí leis ach níl aon pholasaí scríofa ann.
Polasaí Staidéir		Tá	
Polasaí Gaeilge		Tá	
Polasaí Teagmhais Chriticiúla		Tá	
Polasaí Curaclaim Bhreise		Tá	
Polasaí Gearáin		Tá	
Polasaí Measúnaithe		Tá	
Polasaí Taistil		Níl	Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill.
Polasaí OSPS		Níl	Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill.
Polasaí Teagasc Críostaí		Níl	Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill.

# Coláiste Ailigh - School Self-Evaluation, 2018-2019

## *Summary of findings*

Every year the school undertakes a process of self-evaluation in order to ascertain strengths and weaknesses in the school, especially in the area of learning and teaching. Information is gathered and analysed and based on that information, the school agrees a ‘School Improvement Plan’ (SIP) for the following school year. This plan seeks to build on strengths and improve on weaknesses.

In the school year 2018-2019, there were 258 pupils in Coláiste Ailigh. 41 students started in First Year and all of those except for 3 attended a gaelscoil or a national school in a Gaeltacht area.

### **Gathering of information**

- In 2017, the school undertook a major survey of the parents, students, staff and management of the school. The information thus gathered was to be used to inform the school’s SIP for 3 years. Another major survey will be carried out in 2020.
- Department of Education and Skills inspectors undertook a Whole School Evaluation of the school in 2017, their report also informs the SIP.
- Analysis was done on students results in the state examinations.
- All First Year students took a literacy and numeracy test in spring 2019.
- Teachers were surveyed on how successful or otherwise the SIP for 2018-2019 was and were asked for their opinions on ways to improve teaching and learning.

### **Results**

Under the heading of Learning Outcomes, the following was noted:

1. For the most part, students in Coláiste Ailigh achieve marks above the national average in the state examinations.
2. 88.3% of parents agreed that their child had made good progress in their learning in the school, 89% of pupils wish to do well, 77% say that learning is easy in the school and 74% take responsibility for their own learning.
3. There has been a steady increase in students’ literacy skills since the school first started testing them in 2013.
4. Teachers have high expectations for their students but recognise more could be done to improve study skills, independent learning and in developing differentiation strategies. Department inspectors also recognised these strengths and pointed out that there is scope for further improvement in group work, formative assessment and differentiation.

Under the heading of Learning Experience, the following was noted:

1. Parents and students recognised that there was a friendly atmosphere and first class facilities in the school. Small class sizes and the personal relationships between parents, students and teachers was seen as a positive. Teachers recognised that more effective use could be made of ICT in the school.
2. Teachers report that students take an active role in their learning and are for the most part proud of their work. They expect to move onto 3<sup>rd</sup> level education. There is a good relationship between students and teachers. More could be done however, to help students with independent learning and other learning processes.
3. Department inspectors recognised that there was a stimulating learning environment with students’ work prominently displayed throughout the school. While the teachers agreed that

a lot of work has been done in creating a literacy and numeracy rich environment, more could be done to promote individual subjects.

Under the heading of Teacher Practice, the following was noted:

1. In the main, despite a few minor issues, parents and students were positive about the teachers' work. The teachers themselves have high expectations for their students, are capable and work hard to provide resources for students in Irish. The teachers did recognise however, that further work is needed in developing differentiation strategies, success criteria, learning intentions and effective questioning.
2. There is a strong ethos of staff cooperation in the school. In addition to this, there is effective co-operation between the Board of Management and principal regarding learning and teaching.
3. The department inspectors noted that the standard of teaching in the school was between good and very good, that good preparation was carried out and effective use was made of resources and ICT. They noted that most of the teachers had a very high standard of Irish. They praised the teaching strategies which are in use and recommended that the teachers build on them, especially peer-evaluation, structured group work, differentiation and formative evaluation. Much work was done in this area in 2017-2018.
4. Some of the teachers recognised that their own standard of Irish could be improved.

In the School Improvement Plans for 2017-2018 and 2018-2019, in addition to literacy and numeracy initiatives, particular focus was placed on a) effective use of ICT; b) Irish Language skills of the school staff; c) differentiation; d) the learning environment in the school, e) formative assessment and f) effective questioning techniques.

After due analysis of all the information, the staff decided that (in addition to the ongoing literacy and numeracy initiatives) the school would focus on 2 areas in 2019-2020: **literacy of learning (a common vocabulary for evaluation and learning)** and **the further development of ICT skills in the school**.

### **Progress in previously identified improvement goals**

In the School Improvement Plan 2018-2019, ten goals were identified:

1. An increase in the average mark for literacy from 62.1% to 62.5%. It improved by 3.2% and now stands at 65.3%. **This goal was achieved.**
2. An increase in the mark achieved by students in the Future Tense questions on the literacy test. The mark fell by 2.9% to 44.5%. **This goal was not achieved.**
3. That every teacher use a method of giving students appropriate terminology and its correct usage. In 2018-2019, 19% of teachers did not provide terminology and another 31% gave terminology but did not explain its correct usage, consequently **this goal was not achieved**.
4. That the percentage of teachers who place regular emphasis on the term 'iolrú' be increased to 100%. Only 86.4% did and therefore **this goal was not achieved**.
5. That the percentage of teachers who require their students to work out their own percentages be raised to 100%. Although 95.5% do this always or from time to time, 4.5% do not. **This goal has not been achieved.**
6. That there would be an increase in the amount of teachers who use an oral test for each subject as part of the Christmas tests for 1<sup>st</sup> and 2<sup>nd</sup> years. **This goal was achieved.**
7. That the amount of teachers who said that they had some difficulty with their written Irish be reduced by 5%. It actually increased by 2%. **This goal was not achieved.** It should be

noted however, that only 17 teachers replied to this question in 2018, whereas this had risen to 22 in 2019.

8. That there would be an increase of at least 5% (82.5% to 87.5%) in the amount of teachers who say they use Irish solely or mostly with other teachers in school. Due to an omission this question was not asked of teachers in 2019. That said, 59.1% of teachers feel there is an improvement. Therefore, **we can not say for certain whether this goal had been achieved or not, but that there appears to be an improvement.**
9. That every subject department would increase the learning environment for that subject in the school. 31.8% of teachers reported that there hadn't been a co-ordinated effort to do so in their subject departments, nevertheless 52.4% of teachers felt there had been an improvement. **This goal was achieved, but there is scope for improvement.**
10. That teachers be informed about effective ways to use ICT in school. 63.6% of teachers report that their skills have improved. **This goal was achieved.**

#### **Summary of the conclusions:**

The following were identified as strengths:

- a) Student literacy rates have increased year on year.
- b) There is an improvement in most aspects of numeracy.
- c) Most teachers are implementing oracy (oral literacy) strategies.
- d) The learning environment in school is improving.
- e) The majority of teachers feel their ICT skills have improved.
- f) The staff are open to new strategies to improve teaching and learning.

The following were identified as areas of possible improvement:

- a) 19% of the teachers do not give appropriate terminology to students and 31% do not explain its proper usage. There is scope for improvement here.
- b) Despite being a goal for several years, there is a continuing decrease in students skills dealing with percentages.
- c) Not all teachers use the 5 agreed numeracy terms.
- d) There is scope for improvement in the amount of teachers who give First and Second Years an oral test in the Christmas exams.
- e) More work is needed to improve the use of Irish in the school.
- f) Not all teachers use the same terminology in regards to learning and evaluation.
- g) There is a need for more of a collaborative approach to teaching and learning amongst the teachers.

Having considered all of the above, the staff met in sub-committees to put together recommendations for a School Improvement Plan for 2019-2020. This can be found on pages 7-9 of this document. It seeks to address the above issues and build on established good practice.

Aguisín 1 (Appendix 1) is a list of the legislative and regulatory requirements to which the school adheres.

Aguisín 2 (Appendix 2) is a list of school policies.